| Saoraid Dídean Madraí a sholáthar<br>Na Critéir Cháilitheachta | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | Provision of Dog Shelter Facility<br>Suitability Criteria |
|---|---|---|
| **Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith** | | This form is also available in large print |
| **Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge** | | |

| | |
|---|---|
| **Ta Comhairle Chontae na Gaillimhe ag lorg léirithe spéise ó dhaoine agus/nó eagraíochtaí inniúla a bhfuil taithí acu chun saoráid slán Dídine do Mhadraí a chur ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le seirbhís bhreise coimeádaithe dídine nó gan í sin.**<br>**Chun críocha oibríochta ní mór go mbeadh an tsaoráid dídine laistigh d'achar réasúnta, laistigh de 50 km ar bhóthar go hidéalach, ó Cheanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX. Déanfar freastal ar oirthear chontae na Gaillimhe go príomha leis an gcró seo, go háirithe na ceantair seo thíos, gan a bheith teoranta chucu:**<br>**Baile Chláir**<br>**Baile Locha Riach**<br>**Tuaim**<br>**Órán Mór**<br>**Baile Átha an Rí**<br>**Béal Átha na Sluaighe** | Galway County Council is seeking expressions of interest from competent and experienced persons and/or organisations to supply a secure Dog Shelter facility to Galway County Council with or without the additional service of a shelter keeper.<br>For operational purposes the shelter facility must be located within a reasonable distance, ideally within 50 km by road, from Galway County Council Headquarters at Aras an Chontae, Prospect Hill, Galway, H91 H6KX. The pound will primarily serve the east of Galway county with the areas of the county below of particular interest but not limited to the following:<br>**Baile Chláir**<br>**Loughrea**<br>**Tuam**<br>**Oranmore**<br>**Athenry**<br>**Ballinasloe** |

| | |
|---|---|
| **Déanfar na gnéithe seo a leanas a mheas agus oiriúnacht na saoráide á mheasúnú:**<br>• **Cuirfear cóiríocht oiriúnach, shábháilte, shlán agus ghlan ar fáil chun madraí a gabhadh, atá ar fán nó nach bhfuil éileamh orthu a choinneáil ar feadh tréimhsí gearra go dtí gur féidir úinéir nua a fháil dóibh. Ní mór go mbeadh saoráidí comhlíontach, ar a laghad, le caighdeáin ghinearálta maidir le Bunachais Pórúcháin Madraí, mar a leagtar amach sna Treoirlínte um Bunachas Pórúcháin Madraí 2018 arna chur ar fáil ag an Roinn Forbartha** | The following factors will be considered when assessing suitability for the facility:<br>• The premises shall provide suitable, secure, safe and clean accommodation for the detention of seized, stray or unwanted dogs for short periods until rehoming can be facilitated. Facilities must, at at minimum be compliant with the general standards for Dog Breeding Establishments, as outlined in the Dog Breeding Establishment Guidelines 2018 provided by the Department of Rural Community Development, |

| | |
|---|---|
| **Tuaithe agus Pobail, nó mar mhalairt air sin a bheith ar chaighdeán sách ard le go mbeadh sé éasca aistriú chuig na caighdeáin sin a dhéanamh.**<br><br>• **Ní mór foirgneamh nó limistéar atá sainithe go soiléir a bheith leithdháilte le haghaidh úsáid eisiach Chomhairle Chontae na Gaillimhe dá dídean do mhadraí.**<br><br>• **Chun críocha oibríochta ní mór don tSaoráid Dídine a bheith inrochtana do mhaor madraí agus do phearsanra tréidliachta i gContae na Gaillimhe agus a bheith suite laistigh d'achar réasúnta, laistigh de 50 km ar bhóthar go hidéalach, ó Cheanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX agus déanfar freastal leis ar oirthear Chontae na Gaillimhe go príomha.**<br><br>• **Beidh an áitreabh sách mór agus beidh dóthain cróite ann chun déileáil le tréchur ionchais 100-150 madra in aghaidh na bliana, nó suas le 10 madra ag aon am amháin.**<br><br>• **Déanfar áitreabh ar bith a úsáidfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun críocha an Achta a choinneáil ar chaighdeán a éileoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe.**<br><br>• **Cuirfear limistéar oiriúnach oibre ar fáil ar an áitreabh do mhaor/mhaoir madraí agus cigirí tréidliachta agus cuirfear rochtain slán 24 uair an chloig ar fáil dóibh ar an dídean.**<br><br>• **Na saoráidí a chuirfear ar fáil (stóras dramhaíola, leictreachas, doirteal, reoiteoir, uisce te, draenáil oiriúnach, córas cuí chun monatóireacht a dhéanamh ar an teocht)**<br>• **Ní mór torann ó mhadraí ag tafann a bhainistiú lena chinntiú nach mbeadh an áitreabh ina crá croí ó thaobh torainn de agus lena chinntiú nach mbeadh an torann ag cur isteach ar na madraí eile**<br>• **Seirbhísí Coimeádaí Dídine (i gcás go mbeadh siad de dhíth)** | or be of a sufficient standard that conversion to these standards may easily be carried out.<br><br>• A clearly defined building or area must be allocated for the exclusive use of Galway County Council dog shelter.<br><br>• For operational purposes the Shelter Facility must be accessible to Galway County dog wardens and veterinary personnel and located within a reasonable distance, ideally within 50 km by road, from Galway County Council head office, Aras an Chontae, Prospect Hill, Galway H91 and will primarily serve the east of Galway County.<br><br>• The premises shall be of adequate size and contain sufficient kennels to cope with expected throughput of 100-150 dogs per annum or up to 10 dogs at any one time.<br><br>• Any premises used by Galway County Council for the purpose of the Act shall be maintained to a standard required by Galway County Council.<br><br>• The premises shall provide a suitable working area for dog warden/s veterinary inspectors and provide them with 24-hour secure access to the shelter.<br><br>• Provision of facilities (waste storage, electricity, sink, freezer, hot water, suitable drainage, an appropriate system for monitoring of temperature).<br>• Noise from barking dogs must be managed to ensure that the premises is not a source of noise nuisance and to ensure that the noise does not adversely affect the dogs.<br>• Services of Shelter Keeper (should they be required)<br><br>- General care, feeding, cleaning, disinfection and maintenance of hygiene standards at the facility.<br>- Provide assistance where necessary to the dog wardens and veterinary inspectors in examination, vaccination, and microchipping of dogs. |

| | |
|---|---|
| - **Cúram ginearálta, beathú, glantacháin, díghalrú agus caighdeáin sláinteachais a choinneáil ag an tsaoráid.**<br>- **Cúnamh a thabhairt de réir mar is gá do na maoir madraí agus na cigirí tréidliachta i dtaobh na madraí a scrúdú, a vacsaíniú agus micrishlis a chur iontu.**<br>- **Madraí fáin, madraí a tugadh suas go toilteanach agus madraí a mbeidh úinéir nua á fháil dóibh a ghlacadh isteach i gcomhar le seirbhís maor madraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.**<br>- **Cúram sásúil a chur ar fáil do mhadraí tinne nó gortaithe faoi threoir tréidlia.**<br>- **Gach treoir ó chigirí tréidliachta na Comhairle a chomhlíonadh maidir le dea-chleachtas i dtaobh caighdeán agus nósanna imeachta leasa ainmhithe.** | - Admission of stray and voluntarily surrendered dogs and dogs going for rehoming in consultation with Galway County Council dog warden service.<br>- Adequate care for injured or sick dogs under veterinary direction.<br>- Comply with all directions from the Council's veterinary inspectors in regard to best practice in standards and procedures in regard to animal welfare. |
| **Iarrtar ar pháirtithe leasmhara an Fhoirm Léiriú Spéise thíos a chomhlánú agus í a chur ar aghaidh go leictreonach, nó í a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas tráth nach déanaí ná 4.00pm an 7th Eanáir 2022.**<br><br>**Seoladh r-phoist:** vetservice@galwaycoco.ie<br><br>**Seirbhísí Tréidliachta,**<br>**Áras an Chontae**<br>**Cnoc na Radharc**<br>**Cathair na Gaillimhe**<br>**H91 H6KX** | Interested parties are requested to complete the Expressions of Interest Form below and submit electronically, or to the following address no later than **4.00pm on 7th January 2022.**<br><br>**Email:** vetservice@galwaycoco.ie<br><br>**Veterinary Services,**<br>**Aras an Chontae**<br>**Prospect Hill**<br>**Galway City**<br>**H91 H6KX** |